# Mí na Marbh

Meánleibhéal 1 (B1)

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi Mhí na Marbh (*Month of the Dead*). Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile. Líonaigí isteach an tábla **stór focal** freisin le linn na cainte.

| Na focail atá agat: | Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim: |
|---|---|
| Mí na Marbh<br>séipéal<br>an pobal | *graveyard*<br>*commemorate*<br>*remembering* |

1. An maith leat mí na Samhna? Cén fáth?
2. Cad a ritheann leat nuair a smaoiníonn tú ar mhí na Samhna?
3. Féach ar na híomhánna ón mír thíos. Cad é ábhar na míre, dar leat?



## B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

| | |
|---|---|
| 1. comóradh | a. *indeed* |
| 2. imithe ar shlí na fírinne | b. *celebration. commemoration* |
| 3. féilire | c. *calendar* |
| 4. a thabhairt chun cuimhne | d. *to hang* |
| 5. a chrochadh | e. *for ages* |
| 6. aitheanta | f. *a tree of remembrance* |
| 7. leis na cianta | g. *passed away, dead* |
| 8. go deimhin | h. *acknowledged* |
| 9. machnamh a dhéanamh | i. *to think, reflect, ponder* |
| 10. reiligí | j. *prayers* |
| 11. crann cuimhneacháin | k. *to bring to mind* |
| 12. paidreacha | l. *graveyards* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | | | |

2. Líon na bearnaí sa tábla thíos leis na haistriúcháin chearta. Téigh go dtí www.teanglann.ie má tá tú in amhras.

| *remember* | *I remember* | *remembering* |
|---|---|---|
| cuimhnigh | | |
| *pray* | *I pray* | *praying* |
| guigh | | |

3. Bain úsáid as an bhfocal 'aithne' chun *I know him* a rá as Gaeilge:

______________________________

4. Cén Béarla atá ar an Eaglais Chaitliceach?

______________________________



## C: TUISCINT

1. Féach ar an mír den chéad uair agus bain úsáid as na focail Ghaeilge faoi B: FOCLÓIR (1) chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo:

- Tá mí na Samhna an-tábhachtach i bh______________ na hEaglaise Caitlicí.
- Is am é seo chun ______________________ ar ár saol.
- I mí na Samhna, déanann daoine ________________ ar a gcairde agus ar a muintir atá ________________________.
- Tháinig daoine amach inniu i gConamara chun a muintir ___________________________.

- Déanann daoine comóradh ar a muintir trína n-ainmneacha _______________ ar __________________________*. (* = séimhiú tar éis **ar**)
- Tá Mí na Marbh ____________ san Eaglais Chaitliceach ___________________.
- Ag an am seo den bhliain, téann daoine go _______________ chun _________________ a rá dá muintir.
- Is deasghnáth (*ritual*) an-deas é seo, _______________.

2. Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna thíos.

| |
|---|
| a) Cén fáth a bhfuil mí na Samhna tábhachtach i bhféilire na hEaglaise Caitlicí? |
| |
| b) Conas a rinne pobal an Spidéil comóradh ar dhaoine atá imithe ar shlí na fírinne? |
| |
| c) Cad iad na háiteanna a luaitear sa mhír a bhfuil crann cuimhneacháin iontu? |
| |
| d) Cad go díreach atá i gceist leis an gcrann cuimhneacháin? |
| |
| e) Cén frása thíos **is mó** a léiríonn tuairimí na gcainteoirí – Séamas Ó Máirtín, Séan Ó Neachtain agus Anna Hynes? |
| Is maith leo a bheith …<br>(i) ag guí ar son na marbh<br>(ii) ag cuimhneamh ar na mairbh<br>(iii) ag dul go dtí an reilig |

# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (An séimhiú)

Tá ocht séimhiú fágtha ar lár sa sliocht thíos. Líon isteach anois iad.

**Eibhlín Ní Choistealbha**
Inniu an céad Domhnach de Mí na Marbh, mí ina ndéantar comóradh ar dhaoine atá imithe ar shlí na fírinne. Tá an mí seo ar cheann de na míonna is tábhachtaí i bhféilire na hEaglaise Caitlicí agus tháinig daoine i gConamara amach inniu lena muintir a thabhairt chun cuimhne.

**Sinéad Ní Neachtain**
Tá mí na Samhna thar a bheith tábhachtach don Eaglais Chaitliceach, mí ina ndéanann daoine na mairbh a thabhairt chun cuimhne. Tháinig pobal an Spidéil i gContae na Gaillimhe amach ar maidin le comóradh a dhéanamh ar a muintir atá imithe ar slí na fírinne.

**Séamas Ó Máirtín, An Spidéal, Co. na Gaillimhe**
Bhuel domsa, ciallaíonn sé, abair, cuimhním ar mo muintir féin agus chuile duine atá imithe romhainn ar shlí na fírinne. Agus sílim go bhfuil sé go hálainn go bhfuil an rud seo sa Spidéal, i gCill Treasa agus freisin sílim, séipéal éigin eile b'fhéidir, sna Mine, go bhfuil crann, áit gur féidir le daoine ainmneacha na marbh a crochadh ar chrann agus is álainn an smaoineamh é sin. *So* domsa, i ndáiríre, ciallaíonn sé – an dream atá imithe romhainn go bhfuil muid in ann cuimhneamh orthu agus iad a coinneáil inár gcroí.

## 2: Cruinneas gramadaí (Na míonna)

a) Tabharfaidh an teagascóir bileog duit a bhfuil na míonna scríofa uirthi. Caith 3 nóiméad ag féachaint ar na míonna agus déan iarracht iad a fhoghlaim de ghlanmheabhair.

b) Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:

| | |
|---|---|
| Cathain a bhíonn Lá Nollag? | |
| Cathain a bhíonn Oíche na Seanbhliana? | |
| Cathain a bhíonn do bhreithlá? | |
| Cathain a bheidh an Cháisc i mbliana? | |
| Cathain a bheidh tú ar laethanta saoire? | |

## 3: Saibhreas teanga (An fhoghraíocht & canúintí)

a) Tá canúint Chonamara ag na cainteoirí ar fad sa mhír seachas Eibhlín Ní Choistealbha. Cén chanúint atá aicise? ______________________________

b) Bí ag obair leis an duine in aice leat agus éistigí leis an gcéad chuid den mhír arís. Conas atá an tslí a bhfuaimníonn an bheirt bhan na focail thíos éagsúil óna chéile?

| Eibhlín Ní Choistealbha | Sinéad Ní Neachtain |
|---|---|
| imithe | imithe |
| tá | tá |
| cuimhne | cuimhne |

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint

Céim 1

Féach ar an bhfíseán beag a chuirfidh an teagascóir ar siúl daoibh. Samhlaigh gur tusa an duine san fhíseán. Conas a mhothaíonn tú agus tú ag siúl sa choill mar sin? Cuir tic leis na mothúcháin sin sa bhosca.



| | |
|---|---|
| socair / suaimhneach<br>sona / sásta<br>ar mo shuaimhneas<br>tá suaimhneas intinne orm<br>fiosrach<br>buíoch<br>beo | machnamhach<br>ceanúil ar an dúlra<br>corraithe<br>uaigneach<br>brónach<br>imníoch |

An raibh na mothúcháin chéanna ag an duine in aice leat?

Céim 2

A. Smaoinigh ar am nuair a bhí tú ar do shuaimhneas agus sona sásta. Caith cúpla nóiméad ag déanamh do mhachnaimh ar an am sin agus líon an tábla. Déan cur síos don rang ar an am.

| | |
|---|---|
| Cá raibh tú? | |
| Cad a bhí le feiceáil? | |
| Cad a bhí le cloisteáil? | |
| Conas a mhothaigh tú? | |
| Cén fáth ar mhothaigh tú mar sin? | |

Céim 3

Bígí ag obair i ngrúpaí agus pléigí an cheist thíos le chéile:

An bhfuil sé tábhachtach, dar libh, am a thógáil chun cuimhneamh ar ár muintir agus ar ár gcairde atá imithe ar shlí na fírinne? Cén fáth?

## 2: Scríobh

Scríobh postáil ghearr do na meáin shóisialta. Samhlaigh go gcaithfidh tú cur síos  a dhéanamh ar na deasghnátha a bhaineann leis an mbás i do chultúr féin do dhuine ó chúlra eile.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

## 3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Líon an bosca thíos leis an stór focal nua a d'fhoghlaim tú sa rang seo. Téigh siar go dtí **A: MACHNAMH** chun an méid a scríobh tú sna boscaí sin a sheiceáil.

| Na focail agus frásaí nua atá anois foghlamtha agat: |
|---|
| |

# AN SCRIPT

**Eibhlín Ní Choistealbha**
Inniu an chéad Domhnach de Mhí na Marbh, mí ina ndéantar comóradh ar dhaoine atá imithe ar shlí na fírinne. Tá an mhí seo ar cheann de na míonna is tábhachtaí i bhféilire na hEaglaise Caitlicí agus tháinig daoine i gConamara amach inniu lena muintir a thabhairt chun cuimhne.

**Sinéad Ní Neachtain**
Tá mí na Samhna thar a bheith tábhachtach don Eaglais Chaitliceach, mí ina ndéanann daoine na mairbh a thabhairt chun cuimhne. Tháinig pobal an Spidéil i gContae na Gaillimhe amach ar maidin le comóradh a dhéanamh ar a muintir atá imithe ar shlí na fírinne.

**Séamas Ó Máirtín, An Spidéal, Co. na Gaillimhe**
Bhuel, domsa, ciallaíonn sé, abair, cuimhním ar mo mhuintir féin agus chuile[1] dhuine atá imithe romhainn ar shlí na fírinne. Agus sílim go bhfuil sé go hálainn go bhfuil an rud seo sa Spidéal, i gCill Treasa agus freisin sílim, séipéal éigin eile b'fhéidir, sna Mine, go bhfuil crann, áit gur féidir le daoine ainmneacha na marbh a chrochadh ar chrann agus is álainn, nach iontach, is álainn an smaoineamh é sin. *So* domsa i ndáiríre, ciallaíonn sé – an dream atá imithe romhainn go bhfuil muid in ann cuimhneamh orthu agus iad a choinneáil inár gcroí.

**Seán Ó Neachtain, An Spidéal, Co.na Gaillimhe**
Bhuel, ciallaíonn sé, ar an gcéad dul síos, a bheith ag cuimhneamh ar ár muintir atá imithe romhainn agus na daoine a raibh aithne againn orthu nach bhfuil linn níos mó. Agus sin é an rud is mó a chiallódh sé domsa agus ar ndóigh, tá Mí na Marbh anois aitheanta san Eaglais leis na cianta agus is deas an rud comóradh a dhéanamh ar an ócáid sin, ag an am seo den bhliain.

**Anna Hynes, Co. Mhaigh Eo**
Bhuel, ceapaim, go deimhin, go bhfuil sé an-deas a bheith ag smaoineamh ar na daoine atá imithe romhainn. Agus a bheith ag guí orthu.

**Sinéad Ní Neachtain**
Is am é le machnamh a dhéanamh freisin.

**An tAthair Daniel Gallagher, Sagart Paróiste an Spidéil, Co. na Gaillimhe**
Tugann an Eaglais an mhí seo dúinne le haghaidh machnamh a dhéanamh ar ár saol féin agus guíonn muid ar son na marbh, go raibh siad slán le Dia. Agus go traidisiúnta, téann daoine chuig na reiligí áitiúla inniu freisin agus i rith mhí na Samhna. Anseo i gCill Éinde, tá ár gcrann cuimhneacháin againn nuair a scríobhfaidh daoine síos ainmneacha a marbh agus crochfaidh siad suas (iad) agus sa mbealach[2] sin tá siad linn anseo sa séipéal. Tá ceann sna Mine agus Ros an Mhíl freisin.

**Sinéad Ní Neachtain**
Tugann daoine cuairt ar reiligeacha[3] inniu freisin, Domhnach na Reilige, lá ina mbíonn deis ag daoine paidreacha a rá dá muintir, ach is deis é freisin d'am an chiúnais.

Sinéad Ní Neachtain, Nuacht TG4, ar an gCnoc, in Indreabhán, i gContae na Gaillimhe.

---

[1] chuile = leagan canúnach de 'gach uile'
[2] Canúint Chonnacht atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear urú seachas séimhiú ar ainmfhocail i ndiaidh 'sa'.
[3] reiligeacha = leagan canúnach de 'reiligí'

# NÓTAÍ & FREAGRAÍ

## A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí 'machnamh' a dhéanamh faoin méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós, de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht.

Tabhair deis dóibh na ceisteanna a phlé le chéile.

## B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

| | |
|---|---|
| comóradh | *celebration. commemoration* |
| imithe ar shlí na fírinne | *passed away, dead* |
| féilire | *calendar* |
| a thabhairt chun cuimhne | *to bring to mind* |
| a chrochadh | *to hang* |
| aitheanta | *acknowledged* |
| leis na cianta | *for ages* |
| go deimhin | *indeed* |
| machnamh a dhéanamh | *to think, reflect, ponder* |
| reiligí | *graveyards* |
| crann cuimhneacháin | *a tree of remembrance* |
| paidreacha | *prayers* |

| 1. | 2. | 3. | 4. | 5. | 6. | 7. | 8. | 9. | 10. | 11. | 12. |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| b | g | c | k | d | h | e | a | i | l | f | j |

2. Freagraí:

| *remember* | *I remember* | *remembering* |
|---|---|---|
| cuimhnigh | cuimhním | ag cuimhneamh |
| *pray* | *I pray* | *praying* |
| guigh | guím | ag guí |

3. Tá aithne agam air.
4. *The Catholic Church*.

## C: TUISCINT

1. Freagraí:
    - Tá mí na Samhna an-tábhachtach i bh**féilire** na hEaglaise Caitlicí.
    - Is am é seo chun **machnamh a dhéanamh** ar ár saol.
    - I mí na Samhna, déanann daoine **comóradh** ar a gcairde agus ar a muintir atá **imithe ar shlí na fírinne**.
    - Tháinig daoine amach inniu i gConamara chun a muintir **a thabhairt chun cuimhne**.
    - Déanann daoine comóradh ar a muintir trína n-ainmneacha **a chrochadh** ar **chrann cuimhneacháin**.
    - Tá mí na marbh **aitheanta** san Eaglais Chaitliceach **leis na cianta**.
    - Ag an am seo den bhliain, téann daoine go **reiligí** chun **paidreacha** a rá dá muintir.
    - Is deasghnáth (*ritual*) an-deas é seo, **go deimhin**.

2. Féach ar an script.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (Na réamhfhocail)

Freagraí:

**Eibhlín Ní Choistealbha**
Inniu an c**h**éad Domhnach de M**hí** na Marbh, mí ina ndéantar comóradh ar dhaoine atá imithe ar shlí na fírinne. Tá an m**hí** seo ar cheann de na míonna is tábhachtaí i bhféilire na hEaglaise Caitlicí agus tháinig daoine i gConamara amach inniu **l**ena muintir a thabhairt chun cuimhne.

**Sinéad Ní Neachtain**
Tá mí na Samhna thar a bheith tábhachtach don Eaglais Chaitliceach, mí ina ndéanann daoine na mairbh a thabhairt chun cuimhne. Tháinig pobal an Spidéil i gContae na Gaillimhe amach ar maidin **l**e comóradh a dhéanamh ar a muintir atá imithe ar s**hlí** na fírinne.

**Séamas Ó Máirtín, An Spidéal, Co. na Gaillimhe**
Bhuel, domsa, ciallaíonn sé, abair, cuimhním ar mo m**h**uintir féin agus chuile d**h**uine atá imithe romhainn ar shlí na fírinne. Agus sílim go bhfuil sé go hálainn go bhfuil an rud seo sa Spidéal, i gCill Treasa agus freisin sílim, séipéal éigin eile b'fhéidir, sna Mine, go bhfuil crann, áit gur féidir le daoine ainmneacha na marbh a c**h**rochadh ar chrann agus is álainn an smaoineamh é sin. *So* domsa, i ndáiríre, ciallaíonn sé – an dream atá imithe romhainn go bhfuil muid in ann cuimhneamh orthu agus iad a c**h**oinneáil inár gcroí.

### 2: Cruinneas gramadaí (Na míonna)

Scaip an bhileog 'Míonna na Bliana', atá ag deireadh na nótaí seo, ar na foghlaimeoirí agus iarr orthu staidéar a dhéanamh uirthi ar feadh cúpla nóiméad. Tabhair deis dóibh ansin na ceisteanna a chur ar a chéile. Bí cinnte go mbíonn an leagan ceart den mhí tar éis an fhocail 'mí' acu agus bí cinnte freisin go mbaineann siad úsáid as an struchtúr atá sna samplaí ar an mbileog.

### 3: Saibhreas teanga (An fhoghraíocht & canúintí)

a) Tá canúint na Mumhan ag Eibhlín Ní Choistealbha.
b) Cuir an chéad chuid den mhír ar siúl don rang, is é sin, ón tús go dtí go dtosaíonn Séamas Ó Máirtín ag caint. Abair leis na foghlaimeoirí éisteacht go cúramach leis na focail sa bhosca. Cuir an mhír sin ar siúl cúpla uair go dtí go gcloisfidh siad an difríocht idir na focail.

## E: CUMARSÁID

1: Caint

Céim 1

Cuir an físeán beag 'Ag Siúl San Fhómhar' ar siúl don rang agus abair leo ansin tic a chur leis na mothúcháin a mhothaíonn siad agus iad ag siúl mar sin sa choill. Abair le gach beirt na mothúcháin a roghnaigh siad a chur i gcomparáid le chéile.

socair – calm
suaimhneach – peaceful
sona, sásta – happy
ar mo shuaimhneas – relaxed, comfortable
tá suaimhneas intinne orm – I have peace of mind
fiosrach – curious
buíoch – grateful
beo – alive
machnamhach – reflective / thoughtful
ceanúil ar an dúlra – affectionate towards nature
corraithe – moved / touched
uaigneach – lonely
brónach – sad
imníoch – anxious

Céim 2

Tabhair cúpla nóiméad dóibh a machnamh a dhéanamh agus cúpla nóiméad eile dóibh chun na heochairfhocail a bhreacadh sa tábla. Nuair a bheidh siad réidh, abair leo cur síos a dhéanamh don rang ar am nuair a bhí siad ar a suaimhneas.

Céim 3

Roinn an rang i ngrúpaí agus abair leo an cheist a phlé le chéile. Pléigh an cheist leis an rang iomlán tar éis tamaill agus gríosaigh na foghlaimeoirí chun an stór focal a d'fhoghlaim siad sa rang a úsáid oiread agus is féidir.

2: Scríobh

Iarr orthu postáil a scríobh faoi na deasghnátha a bhaineann leis an mbás ina gcultúr féin.

### 3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Tabhair deis do na foghlaimeoirí nóta a dhéanamh de na rudaí nua atá foghlamtha acu. Bí cinnte go dtéann siad siar go dtí cuid A.

# Míonna na Bliana

Seo liosta de mhíonna na bliana. Tabhair faoi deara go n-athraíonn an mhí tar éis an fhocail 'mí' i gcásanna áirithe.

| **Míonna** | **Leis an bhfocal *mí*** |
|---|---|
| Eanáir | mí Eanáir |
| Feabhra | mí Feabhra |
| Márta | mí **an** M**h**árta |
| Aibreán | mí Aibreá**i**n |
| Bealtaine | mí **na** Bealtaine |
| Meitheamh | mí **an** M**h**eith**i**mh |
| Iúil | mí Iúil |
| Lúnasa | mí Lúnasa |
| Meán Fómhair | mí M**h**eán Fómhair |
| Deireadh Fómhair | mí D**h**eireadh Fómhair |
| Samhain | mí **na Samhna** |
| Nollaig | mí **na Nollag** |

Féach ar na habairtí thíos agus tabhair an t-urú faoi deara.

Tá an chóisir ar an **g**ceathrú lá de mhí na Nollag.
Beidh mé ann ar an **g**céad lá de mhí na Samhna.
Tá mo bhreithlá ar an **g**cúigiú lá is fiche de mhí Eanáir.